Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9514/22**

**COH 44**
**ENV 502**
**COMPET 402**
**SAN 314**
**EDUC 188**
**EMPL 205**
**RECH 302**
**TRANS 325**
**AGRI 213**
**POLCOM 39**
**RELEX 694**
**POSEIDOM 2**
**POSEICAN 2**
**POSEIMA 2**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8781/22 (COM (2022) 198 final) |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú, tairbhe a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas Conclúidí ón gComhairle<br>– *Formheas* |

1. An 5 Bealtaine 2022, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú, tairbhe a bhaint as an acmhainneacht atá ag na réigiúin is forimeallaí[1].

[1] 8781/22+ ADD 1 + ADD 2.

2. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht ag cruinnithe na Meithle um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 12 Bealtaine[2] agus an 24 Bealtaine 2022[3]. Chomhaontaigh na toscaireachtaí na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí seo ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[2] WK 6663/22.
[3] WK 6663/22 REV 1.

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún**

**Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú, tairbhe a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

MEABHRAÍONN SÍ:

- Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
- An Teachtaireacht 'Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú, tairbhe a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas' an 3 Bealtaine 2022;
- an Teachtaireacht 'Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas' an 24 Deireadh Fómhair 2017;
- an rún ó Pharlaimint na hEorpa 'I dtreo comhpháirtíocht níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas' an 14 Márta Fómhair 2021;
- An Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme na comhpháirtíochta straitéisí athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach an 10 Nollaig 2020;
- an Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'Na réigiúin is forimeallaí agus na buntáistí don Aontas Eorpach a ghabhann leo' an 20 Eanáir 2022;
- Study on the impact of the COVID-19 pandemic on the Outermost Regions of October 2021 [Staidéar maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar na Réigiúin is Forimeallaí – Deireadh Fómhair 2021];

1. AITHNÍONN SÍ na sainiúlachtaí a bhaineann le Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha i.e. a staid shóisialta, eacnamaíoch agus struchtúrach atá níos measa fós mar gheall ar a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a ndeacrachtaí topagrafaíochta agus aeráide, rioscaí nádúrtha agus a spleáchas eacnamaíoch;

2. MEABHRAÍONN SÍ go gceadaítear don Chomhairle le hAirteagal 349 CFAE bearta sonracha a ghlacadh, ar bhonn togra ón gCoimisiún, chun na Conarthaí a chur i bhfeidhm chun saintréithe agus srianta sonracha na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh;

3. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh tacaíocht ón Aontas Eorpach ag teastáil ó na réigiúin sin, eadhon reachtaíocht an Aontais arna cur in oiriúint dá sainiúlachtaí, cúnamh don innealtóireacht chríochach agus tacaíocht airgeadais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an tacaíocht sin ríthábhachtach chun comhtháthú a fheabhsú ar fud an Aontais chun na bearnaí idir na réigiúin sin agus an chuid eile den Aontas a dhúnadh agus chun tacú leis an téarnamh inbhuanaithe struchtúrach agus eacnamaíoch;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, go háirithe, go bhfuil na réigiúin is forimeallaí leochaileach agus i mbaol ó thaobh rioscaí nádúrtha, thionchair an athraithe aeráide agus eachtraí adhaimsire;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil roinnt srianta coiteanna le sárú ag na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE agus go dtéann gach ceann de na réigiúin is forimeallaí chun sochair an Aontais;

6. AITHNÍONN SÍ na forálacha sonracha le haghaidh na réigiún is forimeallaí a chumhdaítear i mbreis agus fiche rialachán de chuid an Aontais lena mbunaítear cistí agus cláir de chuid an Aontais don tréimhse 2021-2027;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI athnuachan na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuiltear ag díriú ar thús áite a thabhairt don phobal – saoránaigh na hEorpa atá ina ndlúthchuid den tionscadal Eorpach – agus ar a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na ndaoine le téarnamh eacnamaíoch agus fás inbhuanaithe;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin tacú leis na réigiúin is forimeallaí agus príomhshruthú a dhéanamh ar shainiúlachtaí na réigiún sin ar fud reachtaíocht agus bheartais an Aontais a léirítear iontu chun borradh a chur faoina bhforbairt trí chuir chuige shaincheaptha agus áitbhunaithe.

9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na straitéisí forbartha do na réigiúin is forimeallaí á stiúradh, agus á dtabhairt cothrom le dáta, go rialta de réir mar is gá ag na réigiúin agus a mBallstáit; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCoimisiún agus oibreoidh sí i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún chun na moltaí sin a thabhairt ar aghaidh;

## I. MAIDIR LE PAINDÉIM COVID-19, FREAGAIRT AR GHÉARCHÉIMEANNA AGUS TÉARNAMH EACNAMAÍOCH

10. AITHNÍONN SÍ nach mór saincheisteanna slándála agus athléimneachta a mheas ar bhealach níos fearr sna réigiúin sin; ÁITÍONN SÍ a thábhachtaí atá ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá aghaidh a thabhairt ar leibhéil arda bochtaineachta sna réigiúin is forimeallaí, go háirithe tar éis phaindéim COVID-19; IS DÍOL SÁSAIMH DI na tosaíochtaí a cuireadh in iúl sa Teachtaireacht ón gCoimisiún amhail laghdú bochtaineachta, lánpháirtiú agus comhionnanas;

12. AITHNÍONN SÍ an tosaíocht a thug an Coimisiún do théarnamh agus d'fhás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach sna réigiúin is forimeallaí i ndiaidh phaindéim Covid-19 agus MOLANN SÍ don Choimisiún tacú le hearnálacha atá ag fás go tapa agus lena gcruthófar poist a chuireann forbairt inbhuanaithe chun cinn;

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí a chur chun cinn in earnáil na turasóireachta chun tacú le téarnamh agus le forbairt inbhuanaithe na hearnála straitéisí sin;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt don nuálaíocht, don taighde agus don fhorbairt sna réigiúin is forimeallaí chun uaillmhianta na Teachtaireachta ón gCoimisiún sa réimse eacnamaíoch agus níos faide anonn a bhaint amach;

15. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an geilleagar gorm inbhuanaithe sainaitheanta ag an gComhairle mar cheann de na príomhearnálacha chun fás eacnamaíoch na réigiún is forimeallaí a chothú;

16. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach sna réigiúin is forimeallaí mar chumasóir don fhás eacnamaíoch, do chruthú post agus don aistriú i dtreo samhail eacnamaíoch atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht agus ar an nuálaíocht;

**Státchabhair**

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint leis an obair maidir le rialacháin maidir le státchabhair a athbhreithniú bunaithe ar na forálacha atá ann cheana do na réigiúin is forimeallaí i reachtaíocht an Aontais maidir le státchabhair;

18. IS DÍOL SÁSIMH an tsolúbthacht i gcroílár an Chreata Shealadaigh um Státchabhair le linn na paindéime agus MEABHRAÍONN SÍ gur féidir iarmhairtí diúltacha phaindéim COVID-19 a theorannú;

19. CUIREANN SÍ I dTREIS nach bhféadfadh cúnamh sna réigiúin is forimeallaí difear a dhéanamh d'iomaíocht sa mhargadh inmheánach, fad is nach ndírítear ach ar ghníomhaíochtaí áitiúla leis;

**II. MAIDIR LE TÉARNAMH AGUS FÁS INBHUANAITHE CUIMSITHEACH**

20. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur i gcroílár a chuirtear comhlíonadh riachtanais na ndaoine, atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún trí thús áite a thabhairt dá riachtanais agus dá n-ábhair imní i bpróiseas an téarnaimh agus an fháis; IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an aidhm atá ann cóineasú a bhaint amach idir na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin eile an Aontais;

21. CUIREANN SÍ I dTREIS, tar éis Chruinniú Mullaigh Phorto, gur gá aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí faoi chuimsiú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

**Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na saoránach: bonneagar agus seirbhísí**

22. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le forbairt bonneagair i roinnt de na réigiúin is forimeallaí, chun go dtairbheoidh na réigiúin sin den fhorbairt eacnamaíoch, den fhorbairt inbhuanaithe turasóireachta, de mhalartuithe laistigh dá limistéir gheografacha agus chun athléimneacht a áirithiú;

23. IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh plé a dhéanamh, agus inniúlachtaí na réigiún is forimeallaí faoi seach á gcur san áireamh acu, go háirithe chun tacú le forbairt an bhonneagair bhunúsaigh – ar mhaithe le huisce óil, tithíocht, seirbhísí sláintíochta, bainistiú dramhaíola, fuinneamh glan, líonraí faisnéise athléimneacha ardluais, athléimneacht i leith rioscaí éagsúla – agus rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí cúraim shóisialta amhail oideachas, cúram leanaí, sláinte nó iompar;

24. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil na réigiúin is forimeallaí ag brath go hiomlán ar aeriompar agus ar iompar muirí atá inacmhainne agus iontaofa, ar shoghluaisteacht a ndaonraí agus ar sholáthar earraí riachtanacha;

**An óige, an t-oideachas agus an fhostaíocht**

25. MEABHRAÍONN SÍ gur gá do na réigiúin is forimeallaí daoine óga a chumhachtú go háirithe trí oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, trí oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus trí obair dheonach, agus chun infhostaitheacht a fhorbairt a bhuí le forbairt scileanna, leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an ngairmoiliúint, lena n-áirítear breisoiliúint agus athoiliúint;;

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfar, le cistí agus cláir an Aontais, tacú le forbairt cúrsaí oiliúna atá dírithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le poist a sholáthar laistigh de na réigiúin; gur cheart dóibh tacú leis an tsoghluaisteacht, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht laistigh dá n-imchuach geografach, agus le cúrsaí oiliúna a fhorbairt atá dírithe ar fheabhas a chur ar infhostaitheacht sna réigiúin, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na réigiún is forimeallaí a ndéanann an t-aosú, an bhearna fostaíochta idir na hinscní nó líon ard de dhaoine óga difear dóibh;

27. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le scéim deontais a chruthú lena dtugtar cumhacht do dhaoine óga gníomhú, tionscadail a mhúnlú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais ar an leibhéal áitiúil don dá bhliain atá romhainn; MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na réigiúin is forimeallaí cumarsáid a dhéanamh go forleathan faoin tionscnamh seo;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Teachtaireacht a chur chun feidhme trína áirithiú go gcuirfear sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí san áireamh i mbeartais an Aontais a bhaineann le fostaíocht, lena n-áirítear tionscnamh ALMA, an Ráthaíocht don Aos Óg agus an Ráthaíocht do Leanaí;

**An t-aistriú glas agus an bhithéagsúlacht**

29. TARRAINGÍONN SÍ AR AIRD leochaileachtaí na réigiún is forimeallaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar an ngá atá le tacú leis na réigiúin is forimeallaí agus an t-aistriú glas á chur chun feidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór beartais darb aidhm dul i ngleic leis an athrú aeráide a chur in oiriúint do láidreachtaí na réigiún is forimeallaí, mar shampla a n-acmhainneacht thábhachtach chun fuinneamh inathnuaite a fhorbairt;

30. TARRAINGÍONN SÍ AR AIRD an easpa barainneachtaí scála maidir le bainistiú dramhaíola agus athchúrsáil sna réigiúin is forimeallaí, agus an gá atá le réitigh aisghabhála áitiúla agus athchúrsála nach bhfuil chomh costasach sin, gan dochar a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil;

31. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá tacaíocht a thabhairt do na réigiúin is forimeallaí chun na cuspóirí a leagtar amach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' a bhaint amach chun comhthéacs ar leith na réigiún sin a chur san áireamh;

32. DEARBHAÍONN SÍ nach mór tírdhreacha eisceachtúla agus bithéagsúlacht eisceachtúil na réigiún is forimeallaí a chosaint agus a athchóiriú agus nach mór meas a bheith orthu; IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann leanúint de bheith rannpháirteach chuige sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den acmhainn sin a chur chun cinn;

**An geilleagar gorm agus an t-iascach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe**

33. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ról tábhachtach ag geilleagar gorm inbhuanaithe mar chuid de Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí i gclár oibre an Aontais maidir le Comhaontú Glas don Eoraip agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an príomhról atá ag Misean an Aontais 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a athbhunú faoi 2030' chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach ar fud an aigéin agus na bhfarraigí, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí;

34. AITHNÍONN SÍ go bhfuil éagsúlú agus uathriail bia tábhachtach d'athléimneacht na réigiún is forimeallaí agus gur cheart tacú leis sin trí bheartais iomchuí talmhaíochta agus mhuirí;

35. MEABHRAÍONN SÍ sainiúlachtaí chórais táirgthe bia na réigiún is forimeallaí i gcomparáid le mór-roinn na hEorpa agus a dtíortha comharsanachta araon agus a thábhachtaí atá talmhaíocht agus iascach inbhuanaithe ó thaobh fostaíochta agus pleanáil úsáide talún de; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tacú leis an táirgeadh áitiúil; IS DÍOL SÁSAIMH DI uaillmhian an Choimisiúin an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' a chur chun feidhme sna réigiúin is forimeallaí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cuidiú leis na réigiúin sin lántairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an straitéis sin, chomh maith le prionsabail chur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun feidhme;

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI go léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún na príomh-shaincheisteanna atá os comhair na réigiún is forimeallaí i réimse an iascaigh agus an gheilleagair ghoirm, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a rialacha a oiriúnú go hiomlán, de réir mar is iomchuí, go háirithe na rialacha sin a bhaineann le státchabhracha, le staid na réigiún is forimeallaí gan dochar do reachtaíocht an Aontais a bhaineann le hiascach agus leis an gcomhshaol; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tacú le hathnuachan chabhlach iascaireachta mionscála na réigiún is forimeallaí;

## III. MAIDIR LEIS AN gCOMHAR LE RÉIGIÚIN EORPACHA EILE, LE TÍORTHA COMHARSANACHTA AGUS NÍOS FAIDE I gCÉIN

37. ÁITÍONN SÍ gur gá deiseanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine ó na réigiúin is forimeallaí ina limistéar geografach féin, go háirithe trí bhíthin na soghluaisteachta laistigh dá n-imchuach;

38. IARRANN SÍ ar na réigiúin is forimeallaí a mhéid a chuireann siad leis an Aontas a chur chun cinn ar bhealach níos fearr, páirt a ghlacadh i dtionscadail comhair, tabhairt faoi staidéir agus malartuithe a chothú ina n-imchuach geografach;

39. Is DÍOL SÁSAIMH DI tacaíocht an Choimisiúin chun na dúshláin imirce shonracha atá os comhair na réigiún is forimeallaí a bhainistiú, go háirithe maidir le mionaoisigh neamhthionlactha; MOLANN SÍ do na Ballstáit lena mbaineann chun cur leis an úsáid a bhaintear as na cistí Eorpacha sa bhainistíocht chomhpháirteach, go háirithe CTIL, CSI agus IBTV;

40. Is DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún chun príomhréimsí comhair a shainaithint in aghaidh an imchuach; IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann comhar a chur chun cinn sna réimsí sin idir na réigiúin is forimeallaí agus na tíortha agus na críocha thar lear, agus le tríú tíortha chomh maith;

41. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart féachaint ar na réigiúin is forimeallaí mar bhuntáiste don Aontas agus gur cheart go mbeadh baint acu le tionscadail taighde Eorpacha níos minice; IARRANN SÍ ar na Ballstáit lánpháirtiú na réigiún is forimeallaí i gcuibhreannais taighde a éascú maidir le hábhair shonracha amhail an bhithéagsúlacht, galair thrópaiceacha agus veicteoir de réir mar is iomchuí;

42. MOLANN SÍ do na Ballstáit comhar, malartuithe agus sineirgí a chothú idir a réigiúin agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas;

43. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá na réigiúin is forimeallaí maidir le caidreamh seachtrach an Aontais, ós rud é go gcumasaítear leo leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn ina limistéir gheografacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na réigiúin is forimeallaí a chomhtháthú i dtionscadail iltaobhacha ar bhealach níos fearr, go háirithe agus gníomhaíochtaí píolótacha ar siúl iontu;

44. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leasanna na réigiún is forimeallaí a chaomhnú, go háirithe maidir le caibidlíocht trádála le tríú tíortha;

## IV. MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHT, IDIRPHLÉ AGUS TACAÍOCHT NEARTAITHE

45. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de bheith ag féachaint ar bhealaí chun borradh a chur faoi acmhainneacht na réigiún is forimeallaí;
- feabhas a chur ar chomhordú bheartais an Aontais le go mbeidh na réigiúin sin in ann tairbhiú de bheartais thrasghearrthacha níos éifeachtúla;
- rannpháirtíocht na mBallstát lena mbaineann agus a réigiúin is forimeallaí a spreagadh i gceapadh beartas, sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí a léiriú i gcláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla chláir de chuid an Aontais agus i nglaonna ar thionscadail de réir mar is iomchuí;
- múscailt feasachta a neartú faoi shainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí idir na seirbhísí; i ndáil leis sin, leanúint de chruinnithe rialta den mheitheal a thionól lena dtugtar le chéile an Coimisiún, na réigiúin is forimeallaí agus a mBallstáit le chéile; cruinnithe téamacha sonracha den mheitheal a thionól lena seirbhísí ábhartha chun anailís a dhéanamh ar na tograí arna ndéanamh ag na réigiúin is forimeallaí;
- a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, go gcuirfear sonraíochtaí na réigiún is forimeallaí san áireamh go córasach i measúnuithe tionchair trí mheasúnuithe tionchair críochacha;

46. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún uirlisí comhairleacha a chur ar fáil chun cabhrú le réigiúin aonair forimeallacha, ar éileamh, pleananna forbartha réigiúnacha, athchóirithe agus cláir oibre infheistíochta a mhúnlú agus deiseanna agus sineirgí a ghiaráil faoi chistí agus faoi chláir an Aontais lenar féidir uirlisí agus scéimeanna comhairleacha náisiúnta a chomhlánú;

47. IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann tacú lena réigiúin is forimeallaí maidir le fothú acmhainneachta riaracháin agus chun borradh a chur faoi fhorbairt scileanna chun lántairbhe a bhaint as cláir an Aontais;

48. ÁITÍONN SÍ gur gá uirlisí faireacháin a fhorbairt chun faireachán rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na Teachtaireachta ón gCoimisiún.